# Cosain do leanbh leis an vacsaín in aghaidh treacha



**Immunisation.ie**

## Má fhaigheann tú an vacsaín treacha le linn toirchis, tabharfaidh sí cosaint do do leanbh.

## Tá an vacsaín saor in aisce ó chlinic do dhochtúra ghinearálta.*

## Is fearr an vacsaín a fháil idir seachtain 16 agus seachtain 36 den toircheas.

Má fhaigheann tú an vacsaín treacha is tú ag iompar clainne, is féidir leat a chinntiú go gcosnófar do leanbh ón uair a thagann siad ar an saol.

**Déan teagmháil le do dhochtúir ginearálta chun coinne a chur in áirithe.**

* Tá an vacsaín saor in aisce ó chlinic do dhochtúra ghinearálta. Mar sin féin, má tá clinic ag do dhochtúir ginearálta atá go hiomlán príobháideach, is féidir leo táille a ghearradh ort as an gcuairt chun an vacsaín a fháil.



## Cad is triuch ann?

**Is galar an-tógálach é triuch (nó pertussis) a d’fhéadfadh duine a chur i mbaol a mbáis.**

Baineann an baol is mó leis an ngalar i gcás leanaí atá faoi bhun 6 mhí d'aois. Tógtar an-chuid leanaí a bhfuil triuch orthu isteach san ospidéal mar gheall go bhfuil aimhréidheanna orthu amhail niúmóine agus dochar inchinne.

Ní féidir leanaí faoi bhun 6 mhí d’aois a vacsaíniú go hiomlán toisc go bhfuil siad ró-óg. Is de dheasca sin go bhfuil sé tábhachtach ullmhú roimh ré, agus an vacsaín a fháil agus tú ag iompar clainne.

## Cad iad na hairíonna a bhaineann leis?

**Bíonn an triuch ina údar ráigeanna fada casachta agus tachta, rud a fhágann go mbíonn sé deacair anáil a tharraingt.**

Tagann díogarnach anála ar an othar idir na ráigeanna casachta, agus is é sin is cúis leis an triuchaíl. D’fhéadfadh dath gorm teacht ar an leanbh ar a bhfuil triuch orthu mar gheall ar easpa aeir, nó go gcuirfeadh siad amach tar éis ráig chasachta.

Ní bhíonn an triuchaíl féin ar gach leanbh, agus is minic nach mbíonn ach casacht ar leanaí níos sine agus ar dhaoine fásta.

D’fhéadfaí go mairfeadh an chasacht ar feadh suas le trí mhí. Má tholgann do leanbh an triuch, ní hionann sin is a rá nach dtolgfaidh siad arís é.

Is féidir leat a léamh faoi do leanbh avacsaíniú ar leathanach 10 den bhileog seo.

## Conas a scaipeann sé?

**Scaiptear triuch ó dhuine go duine trí chasachtach, sraothartach nó dlúth-theagmháil.**

Is féidir le duine a bhfuil triuch orthu an galar a scaipeadh ar feadh suas le trí seachtaine tar éis tús na casachta.

Go leor de na leanaí a tholgann triuch, bíonn siad i ndlúth-theagmháil le daoine den teaghlach a bhfuil casacht orthu le breis is coicís.

## Conas is féidir é a chosc?

**Is é an bealach is fearr chun cosc a chur ar thriuch ná an vacsaín a fháil.**

Má tá tú ag iompar clainne, is féidir le do dhochtúir ginearálta vacsaín i gcoinne treacha a thabhairt duit saor in aisce idir seachtain 16–36 de do thoircheas.

Más rud é go bhfuil tú díreach tagtha i dtír in Éirinn ó thír eile, ba chóir duit an vacsaín i gcoinne treacha a fháil le linn toirchis chun cabhrú leat do leanbh a chosaint.

## An féidir liom triuch a tholgadh ón vacsaín?

**Ní féidir.** Ní féidir triuch a tholgadh ón vacsaín mar níl aon bhaictéir bheo inti.

## Conas a thugann an vacsaín i gcoinne treacha cosaint dom féin agus do mo leanbh le linn toirchis?

Tugann an vacsaín ar do chóras imdhíonachta leibhéil arda antasubstaintí a chruthú mar fhreagairt ar na baictéir threacha. Cuirfear na hantasubstaintí sin ar aghaidh chuig do leanbh sa bhroinn freisin, agus cosnaíonn sé sin an leanbh le linn na chéad mhíonna dá saoil.

Tuigtear anois gur lú i bhfad an seans go bhfaighidh leanaí a bhfuair a máithreacha an vacsaín i gcoinne treacha le linn toirchis triuch sna chéad mhíonna dá saoil.

## Fuair mé an vacsaín in aghaidh treacha nuair a bhí mé óg, an gá dom é a fháil arís?

**Is gá.** Tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfaigheann tú an vacsaín le linn toirchis. Cosnaítear do leanbh leis an vacsaín a fhaigheann tú agus tú torrach.



## Cén uair ba chóir dom an vacsaín a fháil?



Is féidir leat an vacsaín treacha a fháil idir **seachtain 16–36** de do thoircheas.

Níl mórán cúiseanna ar a dtabharfaí vacsaín níos deireanaí ná sin. Is féidir do vacsaín a chur ar athlá má tá tú tinn agus teocht níos airde ná 38°C ort.

## Cad is ainm don vacsaín i gcoinne treacha afhaightear le linn toirchis?

**Is é Tdap an vacsaín a thugtar le linn toirchis chun cosaint in éadan treacha.**

Is vacsaín teanndáileoige í ina bhfuil dáileog íseal chun cosaint in éadan:

- ✓ teiteanais (T)
- ✓ diftéire (d)
- ✓ treacha éigeallach (ap) (an triuch féin)

## An gá dom an vacsaín a fháil le linn gach toircheas?

**Is gá.** Téann na hantasubstaintí a bhforbraítear ionat tar éis duit an vacsaín a fháil i léig le himeacht ama. Mar gheall air seo, is gá duit an vacsaín a fháil le linn gach toircheas. Is féidir leat na hantasubstaintí a chruthú ansin a chuirfear ar aghaidh chuig do leanbh sa bhroinn.

## Céard a tharlóidh tar éis anvacsaínithe?

Seans go dtiocfaidh deirge nó tinneas ort timpeall an bhaill inar tugadh an t-instealladh duit. Seans go dtiocfaidh frithghníomhú éadrom, ginearálta ort, amhail fiabhras nó tuirse, ar feadh tréimhse suas le 48 uair.

## Céard ba chóir dom a dhéanamh má airím tinn?

Má bhíonn teocht ort tar éis an vacsaín a fháil, is féidir paraicéiteamól a ghlacadh. **Ná glac iobúpróifein nó aspairín** chun cóireáil a chur ar theocht ard i ndiaidh vacsaín a fháil agus tú ag iompar clainne.

Ná déan dearmad, má tá tú tinn tar éis duit vacsaín a fháil, gurbh fhéidir go bhfuil cúiseanna eile leis sin – Ná déan talamh slán de gurb í an vacsaín is cúis leis. Labhair le do dhochtúir más gá.

## Fo-iarmhairtí a thuairisciú

Más dóigh leat go bhfuil fo-iarmhairt ort i ndiaidh duit vacsaín a fháil, is féidir éa thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) ag [www.hpra.ie](http://www.hpra.ie).

Is féidir le do dhochtúir, d'altra, nó do phoitigéir nó le ball clainne an fho-iarmhairt a thuairisciú don ÚRTS freisin.



## An bhfuil sé sábháilte vacsaíniú a dhéanamh ar mhná torracha?

**Tá.** Tá an vacsaín sábháilte le linn toirchis. Moltar do mhná torracha an vacsaín i gcoinne treacha a fháil i dtíortha eile freisin, amhail an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe, an Nua-Shéalainn agus an Astráil.

Tá staidéir déanta ar an vacsaín treacha i mná torracha, agus níor aimsíodh riosca ar bith leis. Frithghníomhuithe éadroma a bhíonn ann go hiondúil, agus is fíorannamh ar fad a bhíonn fo-iarsmaí tromchúiseacha ann.

## An bhfuil daoine ann nár chóir an vacsaín treacha a thabhairt dóibh?

**Níor chóir duit an vacsaín a fháil sna cásanna seo a leanas:**

- má tá stair leighis agat maidir le frithghníomhú ailléirgeach géar (anaifiolacsas) i dtaca le dáileog den vacsaín treacha nó aon chuid den vacsaín a fuair tú roimhe seo.
- má bhí géag phianmhar, ata ort i ndiaidh dáileog a fuair tú roimhe seo. (Ní tharlaíonn sé seo ach go hannamh). Má tháinig frithghníomhú géar ort roimhe níor cheart duit an vacsaín a fháil níos minice ná gach 10 mbliana.

## Rugadh mo leanbh go hanabaí; an mbeidh mo leanbh cosanta in éadan treacha má tá mise vacsaínithe?

D'fhéadfaí nach bhfaigheadh leanaí a bheirtear roimh 32 seachtain go leor antasubstaintí uait agus iad sa bhroinn. Mar sin féin, leis an vacsaín, beidh baol níos lú ann go bhfaighidh do leanbh triuch uaitse.

**Is féidir leat do leanbh réamhaibí a chosaint in éadan treacha mar seo a leanas chomh maith:**

- a chinntiú go bhfuil na leanaí eile sa teach vacsaínithe go hiomlán
- a chinntiú go bhfuil gach duine fásta sa teach vacsaínithe go hiomlán.

**Má tá aon duine den teaghlach nach bhfuair an vacsaín i gcoinne treacha le 10 mbliana anuas, ba chóir dóibh é a fháil coicís sula dtéann i bhfoisceacht an linbh.**



## Tugadh an vacsaín dom le linn toirchis; an bhfuil an vacsaín i gcoinne treacha de dhíth ar mo leanbh fós?

**Tá.** Téann na hantasubstaintí a chuirtear ar aghaidh chuig do leanbh sa bhroinn i léig go tapa sna chéad sé mhí den saol.

Mar sin, tá sé tábhachtach na gnáthvacsaíní do leanaí (an vacsaín treacha ina measc) a thabhairt do do leanbh in am.

Cuirtear an vacsaín i gcoinne treacha ar fáil do gach leanbh:

- mar chuid den vacsaín 6-in-1 a fhaightear ag 2, 4, 6 agus 13 mhí d'aois
- ag 4–5 bliana d'aois (vacsaín 4-in-1)
- sa chéad bhliain ar an meánscoil (vacsaín Tdap).

Nuair a fhaigheann do leanbh na vacsaíní seo in am, leanfaidh siad de bheith cosanta in éadan treacha.

Is féidir tuilleadh a léamh faoin triuch ar mychild.ie agus immunisation.ie

# Conas is féidir liom an vacsaín a fháil?

Déan teagmháil le do dhochtúir ginearálta chun coinne a chur in áirithe.

Is féidir le do dhochtúir ginearálta vacsaín i gcoinne treacha a thabhairt duit saor in aisce má tá tú ag iompar clainne.

Mar sin féin, má tá clinic ag do dhochtúir ginearálta atá go hiomlán príobháideach, is féidir leo táille a ghearradh ort as an gcuairt chun an vacsaín a fháil.

Arna fhoilsiú ag:
**Oifig Náisiúnta Imdhíonta FSS**

Dáta foilsithe:
**Márta 2025**

Chun cóipeanna den bhileog seo a ordú, tabhair cuairt ar www.healthpromotion.ie.

Cód ordaithe: **HNI00846**